



Trump & Bobnuacht!

Trump & Fake News!

**Cad é do mheas ar
Donald Trump?**

**An maith leat é mar
dhuine/pholaiteoir?**

**An gceapann tú go
gcreideann sé gach
rud a deir sé?**

**An dóigh leat go
bhfuil an domhan
seo níos contúirtí
agus Trump sa
Teach Bán?**

**Cén éifeacht a
bheidh ag
uachtaráinacht
Trump ar an tír seo?**



Cén sórt polasaithe atá aige?

Ní aontaím leis na polasaithe atá aige, go mór mór na cinn a bhaineann leis na hinimircigh

Ceapaim go gcothaíonn sé an deighilt mhór atá i bpobal Mheiriceá lena bhladar is rámhaille

Ba mhaith leis "Meiriceá a dhéanamh iontach arís", ach beidh sé deacair dó a fhís a fhíorú

"Meiriceá sa chéad áit" an mana nua atá aige, ach seans gur baothmhian eile í seo

Ní hionann Meiriceá agus an domhan agus is mór an trua é nach dtuigeann Trump é seo

Níl seans dá laghad go n-éireoidh leis má leanann sé leis an gcur chuige achrannach ciníoch atá i bhfeidhm aige le bliain anuas

An dóigh leat gur maith leis iriseoirí agus baill na meáin chumarsáide?

© Leavingcertirish.com 2018

Níl dabht ar bith faoi ach go bhfuil droch-chaidreamh idir é agus na meáin chumarsáide

Is léir gur bagairt ollmhór é Trump do sheanbhunaíocht na Stát Aontaithe


©leavingcertirish.com 2018

Nuair a dúirt Kelly-Ann Conway, comhairleoir speisialta ar fhoireann Trump, gur bhain an preasrúnaí (Seán Spicer) leas as "rogha eile fíricí", thuigeamar láithreach nach gnáth uachtaráinacht a bheidh os ár gcomhair, fad is a mhairfidh Trump sa Teach Bán

Le déanaí, díbríodh tuairisceoirí ó CNN, An New York Times, an BBC agus An Guardian as an Teach Bán. Is olc an ghaoth é sin. I ndáiríre píre, níor shíl mé riamh go mbeadh cosc ionlán ar phreasócaídí sa Teach Bán, ach seans mór anois go mbeidh.


An baol is mó anois ná go ndéanfaidh sé beart de réir a bhriathair

©leavingcertirish.com 2018




Seans go mbéarfaidh an rialtas ar inimircigh mhídhleathacha, Éireannaigh san áireamh, agus go gcaithfear amach ó Mheiriceá iad

© Leavingcertirish.com2018



Leanfaidh a dheardadh gránna i dtaobh na mban, na mionlaigh agus na Moslamaigh ach go háirithe



D'fhéadfadh tionchar tubaisteach a bheith ar a pholsaithe eachtrannacha agus cosanta, go mór mór sa Mhéánoirtheor

Níor chreid éinne go dtoghfaí ina Uachtarán é

Bíonn Donald Trump i mbéal an phobail beagnach gach láanois

© Leavingcertirish.com 2018

Ba mhaith leis fáil réidh leis an bhfreasúra i dTeach na Comhdhála



© Leavingcertirish.com 2018

Is cuma sa tsioc leis faoi mhionlaigh agus daoine leocheileacha

Táim dubh dóite ar fad den bhulaíocht, de na rachtanna feirge, agus den drochmheas a chloistear uaidh.

Níl tuiscint dá laghad aige maidir le cearta bunúsacha daonna

Is léir don dall go bhfuil tréithe an fhasistí agus an tuathghríosóra ann

Tagann drochbholadh na bobnuachta ón Teach Bán go laethúil